# 05

# DIGITAL HUB 2005 TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

THE DIGITAL HUB

INTERNATIONAL DIGITAL ENTERPRISE AREA | DUBLIN

A LEADING INTERNATIONAL CENTRE FOR DIGITAL MEDIA RESEARCH, INNOVATION AND ENTERPRISE DEVELOPMENT.

# CLÁR ÁBHAIR


| | | |
|---|---|---|
| **CUID 01:** | RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH | |
| | AGUS AN PHRÍOMHOIFIGIGH FEIDHMIÚCHÁIN | 04 |
| **CUID 02:** | FIONTAR | 06 |
| **CUID 03:** | BAILL AN BHOIRD | 10 |
| | AN FOIREANN FEIDHMIÚCHÁIN | 11 |
| **CUID 04:** | RÁITIS AIRGEADAIS | 12 |
| **CUID 05:** | DUALGAIS REACHTÚLA | 30 |



IS TIONSCNAMH DE CHUID RIALTAS NA HÉIREANN AN **MOL DIGITEACH** A BHFUIL MAR CHUSPÓIR AIGE **LÁRIONAD FEABHAIS IDIRNÁISIÚNTA D'EOLAS, NUÁLAÍOCHT** AGUS **CRUTHAITHEACHT** DÍRITHE TIMPEALL AR FHIONTAR NA **MEÁN DIGITEACH** A CHRUTHÚ.

# 01

**LÁRNACH LEIS AN RATH SEO FÁS LÍON NA GCUIDEACHTAÍ Á LONNÚ SA MHOL DIGITEACH. Ó BHUN NIALASACH I MÍ EANÁIR 2003, TÁ 50 COMHLACHT LONNAITHE ANSEO ANOIS. OIBRÍMID I GCOMHPHÁIRT LE FIONTRAÍOCHT ÉIREANN AGUS LE COMHAIRLE CATHRACH BHAILE ÁTHA CLIATH CHUN SPÁS GORADÁIN A CHRUTHÚ, CHUN COMHLACHTAÍ TOSAITHE A THACÚ.**



# CUID 01

## TUARASCÁIL AN PHRÍOMHOIFIGIG AGUS AN CHATHAOIRLIGHH FEIDHMIÚCHÁIN

Cuirtear le cur i láthair na Tuarascála Bliantúil seo do 2005 an deis ar fáil dúinn machnamh a dhéanamh ar an mbliain is rathúla go dtí seo. Léirítear ár rath trí dhul chun cinn i seachadadh ár n-aidhmeanna thar fhiontar, thaighde, fhoghlaim, phobal, agus forbairt mhaoine. Is féidir linn éachtaí suntasacha a lua i ngach réimse.

Lárnach leis an rath seo fás líon na gcuideachtaí á lonnú sa Mhol Digiteach. Ó bhun nialasach i mí Eanáir 2003, tá 50 comhlacht lonnaithe anseo anois. Oibrímid i gcomhpháirt le Fiontraíocht Éireann agus le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath chun spás goradáin a chruthú, chun comhlachtaí tosaithe a thacú. Táimid ag feiceáil cheana féin líon na gcomhlachtaí seo ag fás go suntasach, agus ag athlonnú go dtí na spáis neamh-ghoradáin laistigh den suíomh. Chonacthas i 2005 dhá fhiontar shuntasacha, Amazon.com agus Riverdeep ag roghnú lonnú sa Mhol Digiteach.

Ó thus an tionscadail seo, chomhoibrigh muid go dlúth leis an bpobal áitiúil chun a chinntiú go mbainfidh muintir na Líbeartaí leas as lonnú an Mhoil Dhigitigh ina gcomharsanacht. Lárnach don sprioc seo seachadadh clár foghlama a dhúnfaidh an scoilt dhigiteach. Táimid faoi chomaoin ag ár gcomhpháirtithe iomadúla a chuireann ar ár gcumas muid ár dtéarmaí tagartha oideachasúla, go háirithe ag Diageo Ireland, a dhéanfaidh urraíocht ar ár bpríomhchlár foghlama, Tionscnamh Foghlama na Líbeartaí Diageo (TFLD). Oibríonn an clár i 16 bhunscoil agus iarbhunscoil áitiúla chomh maith le líon suntasach de ghrúpaí pobail áitiúla, agus in earnáil na meán digiteach níos leithne. I mí na Samhna 2005, chuireamar stiúideo foghlama 180m$^2$ agus oifig thacaíochta foghlama chun na cláir seo a éascú ar fáil.

Chun a chinntiú go gcomhlíonaimid ár gcuid dualgas i réimsí lárnacha, leanaimid ar aghaidh ag úsáid ár bpróiseas comhairliúcháin, an Chomhpháirtíochta Phríobháideach, Phoiblí agus Phobail (CPPP). Tá an-ádh orainn go bhfuil tiomantas leantach Peter Cassells, atá ina chathaoirleach ar an bpróiseas, ar fáil againn. Tá an grúpa seo ag cur plean forbartha le chéile, le foilsiú i 2006, a leagfaidh amach fís thodhchaí an tionscadail agus a chuirfidh sonraí ar an bplean forfheidhmithe ar fáil.

Chun fás an tionscadail sa todhchaí a shásamh, agus chun ár dtéarmaí tagartha athnuachana cathrach do phobal na Líbeartaí a chomhlíonadh, dhámhamar dhá thairiscint ar dhá fhorbróir phríobháideacha chun fuílleach shuíomhanna an Mhoil Dhigitigh a fhorbairt agus cuirfear iarratais phleanála mhionsonraithe faoi bhráid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath faoi mheán-2006. Thar na sé bliana seo chugainn, cuirfidh an dá fhorbróir seo meascán aontaithe de fhiontair mheán digiteach, spás fiontair, cónaitheach, miondíola agus fhoghlama ann, ag claochlú an cheantair stairiúil seo de Bhaile Átha Cliath go ceathrú digiteach nua.

Ag an deireadh, ba mhaith linn buíochas a ghabháil le Bord an GFMD, leis an bhFoireann Feidhmiúcháin, agus le foireann na Gníomhaireachta, a raibh a dtiomantas leanúnach d'fhís thionscadal an Mhoil Dhigitigh siocrach lenár rath go dtí seo.

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil freisin leis an Aire agus leis an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha as a gcuid tacaíochta leantach, agus an tacaíocht sin a admháil.

Ar ndóigh téann roinnt mhaith de chreidiúint d'ár n-éachtaí i 2005, agus do rath an tionscadail go dtí seo go deimhin go dtí ár n-iar-Chathaoirleach, William J Burgess, a fuair bás roimh fhoilsiú na tuarascála seo. Tá a fhios againn go labhraímid ar son gach duine a raibh baint acu sa Mhol Digiteach nuair a deirimid go n-aireoimid go mór uainn William. B'inspioráid do chách tacaíocht agus paisean William don tionscadal, agus is ómós dó siúd na héachtaí a leagtar amach sa Tuarascáil Bhliantúil seo.

**Jackie Harrison,**
*Cathaoirleach*


**Philip Flynn,**
*Príomhoifigeach Feidhmiúcháin*


# CUID 02 AN MOL DIGITEACH – AG CRUTHÚ CEATHRÚ DIGITEACH DO BHAILE ÁTHA CLIATH

# FIONTAR-
# NÍOS MÓ NÁ 50 CUIDEACHTA LONNAITHE ANOIS SA MHOL DIGITEACH

02








An Mol Digiteach – Ag Cruthú Ceathrú Digiteach do Bhaile Átha Cliath

Is tionscnamh de chuid Rialtas na hÉireann an Mol Digiteach chun ionad idirnáisiúnta feabhais a chruthú le haghaidh eolais, nuálaíochta agus cruthaitheachta dírithe ar ábhar digiteach agus ar fhiontair theicneolaíochta. Níl an fhorbairt lárnach de naoi n-acra lonnaithe ach deich nóiméad ó lár na cathrach laistigh de na limistéir stairiúla sna Líbeartaí i mBaile Átha Cliath, sa cheantar margaidh is sine sa chathair a bhí mar bhaile don drioglann Ghuinness ó 1759.

Thar na deich mbliana seo chugainn, beidh an chuid seo de Bhaile Átha Cliath ina bhaile do fhorbairt mheasctha naoi n-acra, ina mbeidh spás fiontair, cónaitheachta, miondíola, foghlama agus cathartha. Tá sé mar aidhm ag an Mol Digiteach na Líbeartaí a chlaochlú go ceathrú digiteach nua i mBaile Átha Cliath.

Bunaithe i mí Iúil 2003, is í Gníomhaireacht Forbartha an Mhoil Dhigitigh (GFMD) an comhlacht reachtúil rialtais a cuireadh de chúram uirthi an Mol Digiteach a fhorbairt. De réir an Achta um Ghníomhaireacht um Fhorbairt don Mhol Digiteach, tá na feidhmeanna a leanas ag an GFMD:

(a) an mol digiteach mar shuíomh do fhiontair dhigiteacha agus gníomhaíochtaí a bhaineann leo a chur ar fáil, a chinntiú go soláthraítear iad agus a bhforbairt a chur chun cinn agus a éascú, oibreacha tógála agus cothabhála a chur i gcrích san áireamh;

(b) straitéisí chun daoine aonair agus fiontair atá gafa le hábhar digiteach agus gníomhaíochtaí a bhaineann leis a spreagadh chun lonnaithe sa mhol digiteach a fhoirmliú;

(c) bonneagar teicniúil agus cumarsáide chun fiontair dhigiteacha a mheall chuig an mol digiteach a chur chun cinn agus a éascú;

(d) plean forbartha a ullmhú de réir alt 9;

(e) meastacháin ar chostais fhorfheidhmithe an phlean forbartha a ullmhú agus roghanna maoinithe féideartha a mholadh;

(f) an plean forbartha a mhaoirsiú agus forfheidhmiú an phlean a bhainistiú;

(g) dul i gcomhairle le daoine agus grúpaí leasmhara sa phobal áitiúla nó taobh leis an mol digiteach mar chuid d'fhorfheidhmiú an phlean forbartha;

(h) aontuithe a dhéanamh le daoine eile chun forbairt an mhoil dhigitigh a chinntiú cibé trí lamháltas, chomhfhiontar, chomhpháirtíocht phríobháideach phoiblí nó trí shlí eile;

(i) aontú a dhéanamh, mar is cuí, le duine a shocraigh nó a sholáthair maoiniú chun aon chuid de fhorbairt an mhoil dhigitigh a chur i gcrích.

## FIONTAR - NÍOS MÓ NÁ 50 CUIDEACHTA LONNAITHE ANOIS SA MHOL DIGITEACH

Is é fás ar líon na gcuideachtaí atá ag lonnú sa Mhol Digiteach an táscaire is infheicthe d'ár rath. Tá éagsúlacht ollmhór i méid agus i ngníomhaíochtaí na gcuideachtaí seo. Tá an Mol Digiteach anois ar cheann de na suíomhanna is inmhianaithe san Eoraip do na cuideachtaí in earnáil na méan digiteach. Chomh maith le mealladh níos mó ná dosaen de mheán- agus mhion-chuideachtaí go dtí an Mol Digiteach i 2005, roghnaigh dhá imreoir idirnáisiúnta muid don shuíomh ab fhearr leo, le cinneadh Amazon.com agus Riverdeep lonnú anseo. I 2005, mhéadaigh líon suntasach de chuideachtaí a bhí ann cheana féin a n-oibríochtaí, ag méadú le chéile an fórsa saothair faoi 15%. Cuirfidh an chéim forbartha nua níos mó ná 140,000 troigh cearnacha de spás fiontair mheán digiteach ar fáil, ag ligean d'ár gcuideachtaí atá ann cheana féin fás laistigh den Mhol Digiteach, agus ag ligean dúinn freisin fáilte a chur roimh chuideachtaí nua ár rath a roinnt.

## ÁIRÍTEAR I MEASC NA GCUIDEACHTAÍ LONNAITHE SA MHOL DIGITEACH:

| | |
|---|---|
| **4th Promise** | N/A |
| **Abacus Communications** | www.abacus-communications.com |
| **Amazon** | www.amazon.com |
| **Anacapa T/A Freehotspot** | www.free-hotspot.com |
| **Athena Media** | www.athenamedia.ie |
| **Beyond Entertainment Ltd** | www.beyond.com.au |
| **Blinck Mobile** | www.blinck.com |
| **Breathe Communications** | www.breathecommunications.com |
| **Calico Media** | www.calico.ie |
| **Capiche Design** | www.capichedesign.com |
| **Certification Europe** | www.certificationeurope.com |
| **Cibenix** | www.cibenix.com |
| **Clintech** | www.clintech.ie |
| **Cyesta Technologies Ltd** | www.cyesta.com |
| **DHR Communications** | www.dhr.ie |
| **DVD Postcards Ireland** | www.dvdpostcardsofireland.com |
| **Daft Media** | www.daft.ie |
| **Design Ireland** | www.designireland.ie |
| **Digital Animation Media** | www.digitalanimationmedia.com |
| **Eirplay Games** | www.eirplaygames.com |
| **Equinox** | www.equinox.ie |
| **European Biometrics Forum** | www.eubiometricsforum.com |
| **Fluid Rock** | www.fluid-rock.com |
| **Havok** | www.havok.com |
| **Irish Children's Museum** | N/A |
| **Irish Internet Association** | www.iia.ie |
| **Journeyman Productions** | www.journeymanproductions.com |
| **Kavaleer** | www.kavaleer.com |
| **Kratos** | www.kratos.ie |
| **Lightbox** | www.lightbox.ie |
| **Lincor Solutions** | www.lincor.com |
| **Marketboomer** | www.marketboomer.com |
| **Mobile Tornado** | www.mobiletornado.com |
| **Phoenix Saftey** | www.phoenixsafety.ie |
| **PixAlert** | www.pixalert.com |
| **Pixel Soup** | www.pixelsoup.ie |
| **PopCap Games International** | www.popcap.com |
| **RIFTFS** | www.tobaccoresearch.ie |
| **Reverse Perspectives** | www.reverseperspective.com |
| **Riverdeep** | www.riverdeep.net |
| **Screentime Shinawill** | www.screentime.tv |
| **Sonasi** | www.sonasi.com |
| **Sportsbrand Media** | www.sportsbrandmedia.com |
| **Twelve Horses** | www.twelvehorses.com |
| **Xwerx** | www.xwerx.com |
| **Zamano** | www.zamano.com |
| **Zenark** | www.zenark.com |
| **Zink Films** | www.zinkfilms.com |

## FORBAIRT MAOINE - DÁMHTAR TAIRISCINTÍ AR DHÁ FHORBRÓIR PHRÍOBHÁIDEACHA SA CHÉIM FHORBARTHA NUA

Tá sé de chúram ar an GFMD suíomh naoi n-acra atá lonnaithe ar gach taobh Shráid Thomáis, sna Líbeartaí, Baile Átha Cliath, a fhorbairt. Thar na mblianta atá romhainn, cuirfidh an Ghníomhaireacht forbairt ar fáil ina mbeidh spás meán digiteach, miondíola, cónaitheach, foghlama agus cathartha ann.

Seoladh Céim Fhorbartha nua don Mhol Digiteach i mí Dheireadh Fómhair 2005. Cuireadh fáilte roimh thairiscintí le dhá shuíomh a fhorbairt, 5.6 acra ina iomláine, ar suíomh an Mhoil Dhigitigh. I mí na Samhna, thug an tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha, Noel Dempsey TD cead glacadh leis na tairiscintí, de bhun molta ó Bhord Ghníomhaireachta Forbartha an Mhoil Dhigitigh (GFMD). Roghnaíodh an dá thairiscint a bhuaigh ó dhá mholadh déag, a chuir forbróirí príobháideacha isteach.

Ba iad na tairiscintí gur éirigh leo don dá shuíomh sa Mhol Digiteach Manor Park Homebuilders Ltd agus P Elliot & Co Ltd. Breithníodh a gcuid tairiscintí ar bhonn luach iomlán an spáis fiontair mheán digiteach agus ar an airgead le tabhairt ar ais don GFMD, mar mhalairt ar na suíomhanna, a forbrófar go meascán aontaithe de spás fiontair, miondíola, cónaitheach, foghlama agus cathartha.

Soláthróidh na tairiscintí a bhuaigh níos mó ná 140,000 troigh chearnach de spás fiontair mheán digiteach. Tá sé mhí ag gach ceann de na forbróirí iarratais phleanála a dhéanamh i gcomhairle le gach páirtithe leasmhara. Luach iomlán an chonartha €118 milliún.


Tá níos mó ná dhá acra de mhaoin, ina bhfuil spás fiontair mheán digiteach, spás comhdhála/taispeántais, agus saoráidí oideachasúla, forbartha cheana féin ag GFMD. Oibríonn an Ghníomhaireacht raon de spás úrscothach, a mbeidh rochtain ag gach ceann acu ar bhonneagar teileachumarsáide fairsing, fáinne snáthoptaice 3.5km agus Lárionad Oibríochtaí Líonra san áireamh, ag idirnascadh an tionscadail le Líonra Limistéar Bhaile Átha Cliath Uirbeach.

## TÁ ROCHTAIN AG CUIDEACHTAÍ FÓS LONNAITHE SA MHOL DIGITEACH AR:

- Córas teileafóin thar-ghuthú IP úrscothach
- Cumas sonraí leathanbhanda níos mó ná 4 Gbps
- Saoráidí físchomhdhála agus léirithe úrscothacha

Tá cúig oibreoir teileachumarsáide ag cur seirbhísí ar fáil do chuideachtaí braisle – breis fhianaise ar an luach ard atá ar lonnú sa Mhol Digiteach.







## FOGHLAIM – TÉANN TIONSCNAMH FOGHLAMA NA LÍBEARTAÍ DIAGEO Ó NEART GO NEART

De réir Alt 9 den Acht um Ghníomhaireacht um Fhorbairt don Mhol Digiteach, 2003, caithfidh an GFMD "straitéis do sholáthar oideachais, go háirithe d'ealaíona agus teicneolaíocht dhigiteacha - naisc le scoileanna chéad leibhéil agus dara leibhéil, le breisoideachas agus le hinstitiúidí, tríú leibhéil gafa le tionscadail ábhair dhigiteach san áireamh" a chur i bhfeidhm.

Comhlíonann an GFMD an riachtanas seo trí Thionscnamh Foghlama na Líbeartaí Diageo (TFLD). Cuirtear an clár i bhfeidhm trí cheithre príomhchlár:

### POBAL

Tá sé mar aidhm ag an gClár Pobail rochtain ar theicneolaíocht dhigiteach a thabhairt don phobal áitiúil. Tá ag éirí leis seo trí obair le comhpháirtithe chun raon clár a chur ar fáil dírithe ar scileanna digiteacha a sholáthar do dhaoine sa cheantar.

I measc na nithe rathúla den chlár pobail i 2005 bhí bunú stáisiúin raidió pobail, Liber8FM, i gcomhpháirt le grúpaí sa phobal áitiúil. Toradh Liber8FM dámhachtain creidiúnú FETAC ar 35 duine fásta áitiúla as a gcuid iarrachtaí.

### SCOILEANNA

Iarrann an Clár Scoileanna raon clár a fhorbairt i mbunscoileanna agus in iarbhunscoileanna áitiúla chun aghaidh a thabhairt ar an scoilt dhigiteach.

Oibríonn an TFLD i 16 scoil áitiúla, ag soláthar cúrsaí meán digiteach úrscothacha do leanaí áitiúla. Níl an clár ach ag feidhmiú ó 2001, agus is féidir linn cheana féin roinnt daoine óga i bpobal na Líbeartaí a lua atá ag staidéar na meán digiteach ag tríú leibhéal mar thoradh díreach ar an idirghabháil a rinneamar.

I measc na gclár a tugadh isteach i 2005 'Claymation', a chomhtháthaíonn teicneolaíocht dhigiteach leis an litríocht, an gceol, an ealaín, agus le dearadh le haghaidh forbartha teanga i scoileanna. Cruthaíonn mic léinn a gcuid scéalta féin agus déanann siad iad a bheochan ag úsáid ceamaraí digiteacha agus ábhair ealaíona. Cuirtear na scéalta i scripteanna agus cuirtear iad ar chláir chun an beochan a stiúradh.

### FOGHLAIM FIONTAIR

Tá sé mar aidhm ag an gClár Foghlama Fiontair cur le forbairt earnáil na meán digiteach in Éirinn trí obair leis an tionscal chun na bearnaí scileanna a shainaithint.

I 2005, chuaigh an GFMD i gcomhpháirt le Fóram na Méan Digiteach chun clár seachtaine eachtraí do chuideachtaí a chur ar fáil. Airíodh ann ceardlanna ar Dhlí an Chóipchirt, ar Chaidreamh Poiblí agus ar Rialachas Corparáideach, agus roinnt deiseanna neamhfhoirmeálta líonraithe.

### TAISPEÁINT

Tá Clár Taispeána Thionscnamh Foghlama na Líbeartaí Diageo ag iarraidh scileanna meán digiteach a chur chun cinn in Éirinn. Déantar é seo trí thaispeántais rialta a reáchtáil a thaispeánann tallanna meán digiteach ó thaobh ábhair agus ó thaobh teicneolaíochta cumasúcháin de.

D'óstáil an GFMD 'Experience The Digital Hub', clár taispeántas agus seimineár ag ceiliúradh earnáil na meán digiteach in Éirinn, i mí na Bealtaine 2005. Áiríodh i gclár na n-eachtraí roinnt taispeántas agus seimineár poiblí, 'Exhibit8: New Frontiers in gaming'; 'Talk Digital – Censorship in Gaming'; agus 'The Digital Liberties' – taispeántas ar obair leanaí scoile áitiúla agus daoine fásta áitiúla i Líbeartaí Bhaile Átha Cliath, a ghlacann páirt i gclár foghlama an Mhoil Dhigitigh.

An clár saoránachta corparáideach is mó de chuid Diageo Ireland is ea an TFLD.

## COMHAIRLIÚ – AG LEANÚINT LE SPIORAD NA COMHPHÁIRTÍOCHTA

Agus Peter Cassells, Ball boird an GFMD, sa chathaoir, cinntíonn ár bpróiseas leithleach, an Chomhpháirtíocht Phríobháideach, Phoiblí agus Phobail (CPPP) go bhfuil slí ag gach ceann d'ár gcuid comhpháirtithe chun cur lenár bhforbairt. I 2006, foilseoidh an grúpa seo "plean forbartha", a leagfaidh amach aidhmeanna fiontair, oideachais, taighde pobail agus athghiniúna fisiciúla an Mhoil Dhigitigh.

Cinnteoidh an próiseas comhairliúcháin go dtéitear i gceart i gcomhairle le gach páirtí leasmhara i gcaitheamh na gcéimeanna pleanála agus forbartha. Ceanglaítear ar an dá fhorbróir faoi théarmaí an chonartha forbartha maoine dul i dteagmháil leis an bpobal áitiúil i rith próiseas na CPPP. Is forbairt shuntasach í seo, agus léiríonn sí fíor-spiorad na comhpháirtíochta le gach ceann d'ár gcuid páirtithe leasmhara.

02


01


02


03


04


05


06


07


08


09


10


11

# CUID 03 BAILL AN BHOIRD

## BAILL AN BHOIRD

Is trí cheapachán ag an Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha atá ballraíocht an Bhoird, le toiliú an Aire Airgeadais de réir théarmaí an Achta um Ghníomhaireacht um Fhorbairt don Mhol Digiteach, 2003. Is do thréimhse nach mó ná 3 bliana atá ceapacháin don Bhord agus tá baill incháilithe d'ath-cheapachán.

Tionólfar an méid cruinnithe den Bhord a d'fhéadfadh a bheith riachtanach lena gcuid feidhmeanna a chur i gcrích agus nach lú ná ceann in aghaidh an cheathrú. Is é an córam do chruinniú 6 bhall agus thionóil an Bord 9 gcruinniú le linn 2005 a n-áirítear athbhreithniú beartais/straitéise iontu.

Níor ceapadh aon bhall ná níor scoir aon bhall le linn 2005. Ceapadh Jackie Harrison mar Chathaoirleach tar éis bhás William J Burgess don tréimhse neamh-éagtha de théimhse an Chathaoirligh.

01. **William J Burgess (8/9)**
*Cathaoirleach*

02. **Philip Flynn (9/9)**
*Príomhoifigeach Feidhmiúcháin*

03. **Peter Cassells (8/9)**
*Iar-Chathaoirleach Feidhmiúcháin, an Lárionad Náisiúnta um Chomhpháirtíocht agus Feidhmiú.*

04. **Seán Dorgan (7/9)**
*Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, GFT Éireann*

05. **John Fitzgerald (6/9)**
*Bainisteoir Cathrach, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath*

06. **Dan Flinter (6/9)**
*Iar-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin, Fiontraíocht Éireann Cathaoirleach, Údarás Rialaithe, Ollscoil na hÉireann Má Nuad*

07. **Jackie Harrison (8/9)**
*Stiúrthóir Beartas Sóisialach, Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann*

08. **Paul Kavanagh (5/9)**
*Fiontraí, Ball InfoComms*

09. **Paul McGuinness (0/9)**
*Stiúrthóir Bainistíochta, Principle Management Ltd*

10. **Joe Murphy (8/9)**
*Stiúrthóir Bainistíochta, Derryshalagh Publications Ltd*

11. **Don Thornhill (4/9)**
*Cathaoirleach, An Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais*

*Léiríonn na huimhreacha idir lúibíní líon na gcruinnithe a d'fhreastail na baill orthu / líon na gcruinnithe a tionóladh agus é nó í ar an mBord.*

## FO-CHOISTÍ AN BHOIRD

Bhunaigh an Bord an struchtúr coistí a leanas faoi théarmaí tagartha foirmeálta chun cabhrú lena chuid dualgas a chomhlíonadh:

Tá an **Coiste Iniúchóireachta** freagrach as an mBord a chabhrú ina mhaoirseacht ar shláine na ráiteas airgeadais iniúchta, feidhmíocht na feidhme iniúchta inmheánaigh agus comhlíontas na Gníomhaireachta le beartais inmheánacha. Tagann an coiste le chéile ar bhonn rialta ar feadh na bliana:

*B'í ballraíocht an choiste ag an 31ú Nollaig 2005 mar a leanas:*

**Dan Flinter** *(Cathaoirleach)*

**John Fitzgerald**

**Jackie Harrison**

**Don Thornhill**

Tá an Coiste Luacha Saothair freagrach as an mBord a chabhrú i gcur-i-bhfeidhm bheartas pá an Rialtais agus aon shocrú leis an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha maidir le luach saothair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin. Tagann an coiste le chéile mar is cuí ar feadh na bliana.

*B'í ballraíocht an choiste ag an 31ú Nollaig 2005 mar a leanas:*

**William J Burgess**

**Seán Dorgan**

**Paul Kavanagh**

**Eamonn Molloy** (An Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha)

Tá an **Coiste Séala** freagrach as Séala na Cuideachta a ghreamú de chomhaontuithe atá sainmhínithe go bhfuil ar a laghad dhá bhliain de shíneadh acu agus/nó nuair a d'fhéadfadh an Ghníomhaireacht a bheith faoi lé agóide dlíthiúil le himpleacht costais. Tagann an coiste le chéile mar is cuí ar feadh na bliana.

*B'í ballraíocht an choiste ag an 31ú Nollaig 2005 mar a leanas:*

**William J Burgess**

**Seán Dorgan**

**Philip Flynn**

**Jackie Harrison**

## AN FOIREANN FEIDHMIÚCHÁIN

**Philip Flynn**
*Príomhoifigeach Feidhmiúcháin*

**An Dr Stephen Brennan**
*Stiúrthóir Margaíochta & Straitéise*

**Michael McDermott**
*An Stiúrthóir Airgeadais agus an Rúnaí don Bhord*

**Joe Ryan**
*Stiúrthóir Oibríochtaí Tráchtála*

03

# CUID 04
## RÁITIS AIRGEADAIS

04


| | | |
|---|---|---|
| **CUID 04:** | Ráiteas ar Fhreagrachtaí Bhaill an Bhoird | 14 |
| | Ráiteas ar ag gCóras um Rialú Airgeadais Inmheánach | 14 |
| | Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 15 |
| | Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta | 16 |
| | Ioncam agus Caiteachas | 18 |
| | Ráiteas ar na Caillteanais agus na Gnóthachain Aitheanta Iomlána | 19 |
| | Clár Comhardaithe | 20 |
| | Ráiteas Airgid Thirim | 21 |
| | Nótaí leis na Ráitis Airgeadais | 22 |



# RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ BHAILL AN BHOIRD

Cuirtear ceangal ar an nGníomhaireacht, le hAlt 31(4) d'Acht um Ghníomhaireacht um Forbairt don Mhol Digiteach, 2003 go gcoimeádtar cuntais i bhfoirm agus ar shlí a d'fhéadfadh an tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha a shainiú, go n-ullmhóidh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin iad do gach bliain airgeadais agus go gceadóidh an Ghníomhaireacht iad a luaithe agus is féidir ach tráth nach déanaí ná trí mhí tar éis deireadh na bliana airgeadais le cur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

**Agus na ráitis á n-ullmhú, tá ceangal ar bhaill an bhoird:**

- Beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasmhach
- Breithiúnais agus meastúcháin a thabhairt atá réasúnta agus críonna
- Caighdeáin chuntasaíochta a chomhlíonadh, agus aon uair a imítear uathu, é sin a nochtadh agus a mhíniú sna ráitis airgeadais
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, ach amháin nuair nach bhfuil sé oiriúnach talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh an Ghníomhaireacht ag feidhmiú.

Tá an Ghníomhaireacht freagrach as leabhair chuntais chearta a choinneáil a nochtann le cruinneas réasúnta ag aon am staid airgeadais na Gníomhaireachta agus a chuireann ar a chumas di a chinntiú go bhfuil na ráitis airgeadais á n-ullmhú de réir Alt 31 den Acht um Ghníomhaireacht um Forbairt don Mhol Digiteach, 2003. Tá an Bord freagrach as sócmhainní na Gníomhaireachta a chosaint agus dá bhrí sin as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a fhionnadh.

Arna síniú ar son an Bhoird:

**Jackie Harrison**
*Cathaoirleach*

**Philip Flynn**
*Príomhoifigeach Feidhmiúcháin*

04



# RÁITEAS AR AN GCÓRAS UM RIALÚ AIRGEADAIS INMHEÁNACH

*don bhliain dar gcríoch 31 Nollaig 2005*

## FREAGRACHT AS AN GCÓRAS UM RIALÚ AIRGEADAIS INMHEÁNACH

Admhaím ar son Bhord Ghníomhaireacht Forbartha an Mhoil Dhigitigh ár bhfreagracht as cinntiú go gcoinnítear agus go n-oibrítear córas éifeachtach um rialú airgeadais inmheánach.

Táthar in ann leis an gcóras dearbhú réasúnta agus ní lándearbhú a chur ar fáil go mbíonn sócmhainní á gcosaint, go mbíonn idirbhearta á n-údarú agus á dtaifeadadh i gceart agus go mbíonn botúin nó mírialtachtaí á gcosc nó á bhfionnadh ar bhonn tráthúil.

## NÓSANNA IMEACHTA RIALAITHE LÁRNACHA

**Thug an Bord céimeanna chun timpeallacht rialaithe oiriúnach a sholáthar trí:**

- Freagrachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir;
- Nósanna imeachta foirmeálta a bhunú chun teipeanna suntasacha a thuairisciú agus chun gníomh ceartaitheach oiriúnach a chinntiú.

**Bhunaigh an Bord próisis chun rioscaí gnó a aithint agus a mheasúnú trí:**

- Nádúr, leithead agus impleacht airgeadais na rioscaí a bhfuil an Ghníomhaireacht ag tabhairt aghaidh orthu a aithint, an leithead agus na catagóirí a mheasann sí a bheith inghlactha san áireamh;
- An dealraitheacht go dtarlóidh rioscaí aitheanta a mheas;
- Cumas na Gníomhaireachta i mbainistiú agus i maolú na rioscaí a tharlaíonn a mheas;
- Costais rialuithe ar leith a oibriú i gcoinne an leasa a fhaightear a mheas.

**Tá an córas um rialú airgeadais inmheánach bunaithe ar fhrámaíocht de bhainistiú faisnéise rialta, de nósanna imeachta riaracháin leithlisiú dualgas san áireamh, agus córas tairmligin agus cuntasachta. Áirítear ach go háirithe:**

- Córas buiséidithe cuimsitheach le buiséad bliantúil a athbhreithníonn agus a aontaíonn an Bord;
- Athbhreithnithe rialta ag an mBord ar thuarascálacha airgeadais bliantúla agus tréimhsiúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcoinne réamhaisnéisí;
- Spriocanna chun feidhmíocht airgeadais agus eile a thomhas a leagadh síos;
- Treoirlínte rialaithe infheistíochta caipitil atá sainmhínithe go soiléir;
- Disciplíní bainistíochta tionscadail foirmeálta.

Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaigh ag an nGníomhaireacht, a fheidhmíonn de réir an Chóid Frámaíochta um an gCleachtas is Fearr a leagtar amach i gCód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit. Stiúrann anailís ar an riosca a bhfuil an comhlacht faoi lé obair iniúchóireacht inmheánach; tá na pleananna iniúchóireachta inmheánacha bliantúla bunaithe ar an anailís seo. Formhuiníonn an Coiste Iniúchóireachta an anailís ar na pleananna iniúchóireachta inmheánacha agus ceadaítear an Bord iad. Cuireann Iniúchóireacht Inmheánach tuarascáil ar ghníomhaíocht iniúchóireachta inmheánach ar fáil don Bhord go bliantúil ar a laghad. Áirítear sa tuarascáil tuairim Iniúchóireachta Inmheánaigh ar leordhóthaineacht agus éifeachtacht an chórais um rialú airgeadais inmheánach.

Déanann obair iniúchóireachta inmheánach, an Coiste Iniúchóireachta a mhaoirsíonn obair an iniúchóra inmheánaigh, bainistíocht feidhmiúcháin Ghníomhaireachta Forbartha an Mhoil Dhigitigh a bhfuil freagracht uirthi as forbairt agus coinneáil na frámaíochta rialaithe airgeadais, agus tuairiscí a dhéanann an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina litir bhainistíochta nó i dtuarascálacha eile monatóireacht agus athbhreithniú an Bhoird ar an gcóras um rialú airgeadais inmheánach a stiúradh.

## ATHBHREITHNIÚ BLIANTÚIL AR NA RIALUITHE

Dearbhaím go ndearna an Bord athbhreithniú ar éifeacht an chórais um rialuithe airgeadais inmheánacha sa bhliain dar gcríoch 31 Nollaig 2005.

Arna síniú ar son an Bhoird:

**Jackie Harrison**
*Cathaoirleach*

# AN GHNÍOMHAIREACHT FORBARTHA DON MHOL DIGITEACH

**Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur i láthair Thithe an Oireachtais**

Tá ráitis airgeadais na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2005 iniúchta agam faoin Acht urn Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach, 2003.

Tá na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasafochta arna leagan amach sna ráitis, comhdheanta den Ráiteas ar Bheartais Chuntasafochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Raiteas Gnóthachan agus Caillteanas Aitheanta Iomlán, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus na nótaí gaolmhara.

Freagrachtaí Chomhaltaí na Gniomhaireachta agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoi seach

## TÁ AN GHNÍOMHAÍREACHT FREAGRACH AS NA RÁITIS AIRGEADAIS A ULLMHÚ DE RÉIR AN ACHTA URN

Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach, 2003 agus as rialtacht na n-idírbheart a chinntiú. Ullmhaíonn an Ghníomhaireacht na ráitis airgeadajs de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn. Tá freagrachtaí cuntasaíochta Chomhaltaí na Gníomhaireachta leagtha amach sa Ráiteas urn Fhreagrachtaí an Bhoird.

Is é m'fhreagrachtsa ná na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir cheanglas ábhartha dlí agus rialúcháin agus Caighdeán Idirnáisiúnta maidír le hIniúchóireacht (Ríocht Aontaithe agus Eire).

Tuairiscím mo thuairim maidír le cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas fiorcheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn. Tuairiscím freisin cibé, dar liom, an raibh leabhair chuntais chuí coinnithe. Lena chois sin, deirim cibé an dtagann na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntais.

Tuairiscím ar aon chas abhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí beartaithe nó sa chás nach leanann na hidirbhearta do na húdaráis a rialaíonn iad. Tuairiscím freisin mura bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe ar fad faighte agam agus atá riachtanach chun críocha m'iniuchta.

Scrúdaím an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais le féachaint an léirítear ann gur chomhlíon an Ghníomhaireacht an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit agus tuairiscím ar aon chás ábharatha nach ndéanann sé amhlaidh, nó más rud é go bhfuil an ráiteas míthreorach nó nach dtagann sé le faisnéis eile atá ar eolas agam de bharr na ráitis airgeadais a bheith iniúchta agam. Ní cheanglaítear orm a bhreithniú cibé an gclúdaíonn an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais gach priacal agus rialú airgcadais, ná teach tar thuairim maidir le héifeachtacht na nósanna imeachta maidir le priacail agus rialú.

## AN BUNÚS ATÁ LE MO THUAIRIM AR NA RÁITIS

I mbun m'fheidhme mar Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúchóireachta agus trí thagairt a dhéanamh do na nithe ar Leith is gá a chur san áireamh I ndáil le cúrsaí bainisteoireachta agus oibriúcháin a ghabhann le comhlachtaí Stáit. Déantar scrudú mar chuid den iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann le suimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais a chuirtear san áireamh sna ráitis airgeadais, agus leis na hidirbhearta a fhoilsítear iontu. Chomh maith leis sin, cuimsíonn an t-iniúchadh measúnacht ar na meastacháin agus ar na breitheanna suntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus measúnacht le féachaint an n-oireann na beartais chuntasaíochta don bhail atá archúrsaí na Gníomhaireachta, ar feidhmíodh na beartais sin ar bhealach leanúnach agus ar foilsíodh iad ar bhealach sásúil.

Phleanáil mé agus rinne mé m'iniúchadh sa chaoi is go bhfaighinn an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach ionas go mbeadh leordhóthain fianaise agam a d'fhágfadh cinnteacht réasúnach ann go bhfuil na ráitis airgeadais soar ó mhíráiteas ábhartha, cibé calaois nó neamhrialtacht nó earráid eile is cúis leis sin. I dteacht ar mo thuairim, rinne mé meastóireacht ar a shásúla is a cuireadh faisnéis I láthair sna ráitis airgeadais san iomlán freisin.

## TUAIRIM

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgcadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Eirinn, ar ríocht ghnóthaí na Gníomhaireachta ag 31 Nollaig 2005 agus ar a hioncam agus ar a caiteachas don bhliain dar críoch sin.


Is é mo thuairim go raibh leabhair chuntais chuí coinnithe ag an nGníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

**John Purcell**

*Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste*

*29 Nollaig 2006*





# TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE

**Cuireadh na beartais chuntasaíochta a leanas i bhfeidhm ag déileáil le míreanna a meastar a bheith ábhartha maidir le ráitis airgeadais na Gníomhaireachta.**

## 1. BONN NA CUNTASAÍOCHTA

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi mhodh fabhraithe na cuntasaíochta agus de réir prionsabal cuntasaíochta a nglactar i gcoitinne leo faoi ghnás an chostais stairiúil, mar a mhodhnaítear é trí athluacháil mhaoine infheistíochta. Glactar Caighdeáin um Thuairisciú Airgeadais a mholann an Bord um Chaighdeáin Chuntasaíochta mar a thagann siad i bhfeidhm.

## 2. BONN AN CHOMHDHLÚTHAITHE

Aistríodh na sócmhainní, na dliteanais agus gnó an Depot Digiteach @ an Mol Digiteach go dtí an Ghníomhaireacht ar an 1 Eanáir 2005 (seachas €259 d'airgead tirim). Ullmhaíodh na cuntais ar bhonn comhdhlúthaithe. Níor cuireadh cláir chomhardaithe ar leith i láthair toisc go raibh an difríocht eatarthu neamhábhartha.

## 3. IONCAM IARCHURTHA

Déantar ioncam neamhthuillte atá billeáilte do chustaiméirí a eisiamh ó ioncam ó chíos agus déantar é a thaifeadadh mar ioncam iarchurtha.

## 4. SÓCMHAINNÍ FORBARTHA


Tailte agus foirgnimh a aistríodh go dtí an Ghníomhaireacht chun críche limistéar fiontair digiteach idirnáisiúnta a fhorbairt is ea sócmhainní forbartha. Forbrófar sócmhainní forbartha faoi shocruithe conartha coinníollacha le forbróirí triú-páirtí, agus tar éis sin aistreofar na sócmhainní go forbróirí mar mhalairt ar oifigí fiontair mheán digiteach agus ar airgead tirim.

Caitear le sócmhainní forbartha mar shócmhainní seasta agus déantar iad a thaifeadadh ag an ceann níos lú den luach ar an margadh oscailte ar dháta aistrithe ón OPW nó den mhéid inghnóthaithe. Sainítear méid inghnóthaithe trí thagairt do luach measta na sócmhainní forbartha ag tabhairt intinn na Gníomhaireachta d'úsáid dheireanach na sócmhainní san áireamh. Ag pointe an aistrithe, déanfar oifigí fiontair a fhaightear ó fhorbróirí a chur i gcuntas mar mhaoine infheistíochta.

Áirítear costais forbartha a thabhaíonn an Ghníomhaireacht ar a leithéid de shócmhainní i gcostais na sócmhainní.

04







## 5. MAOINE INFHEISTÍOCHTA

Is iad maoine infheistíochta maoine ar a bhfuil forbairt críochnaithe agus atá coinnithe ag an nGníomhaireacht chun críche a n-acmhainneachta infheistíochta agus a nginiúna cíos.

**De réir Ráiteas ar Chleachtas Cuntasaíochta Caighdeánach Uimh. 19:**

- Luaitear Maoine Infheistíochta ag an luach ar an margadh oscailte mar a shainítear gnólacht neamhspleách de luachálaithe gairmiúla é. Mar mhaoine infheistíochta, tá siad faoi réir athluachála bliantúil de réir luacháileanna maoine neamhspleácha agus gach cúig bliana ag gnólacht luachálaithe seachtrach de réir Lámhleabhar Breithmheasa agus Luachála de chuid Chumann na Suirbhéirí Cairte in Éirinn. Déantar barrachais a éiríonn a chur do shochar an chúlchiste athluachála tríd an ráiteas ar ghnóthachain agus chaillteanais iomlána.
- Ní sholáthraítear d'aon dímheas nó amúchadh maidir le maoine infheistíochta.

## 6. SÓCMHAINNÍ SEASTA AGUS DÍMHEAS

Luaitear sócmhainní seasta ag costas stairiúil lúide dímheas fabhraithe, a ríomhtar ar bhonn na líne dírí thar shaol úsáideach ionchais na sócmhainne. Oibríonn Gníomhaireacht Forbartha an Mhoil Dhigitigh go dtí tairseach ?1,000 le haghaidh caipitlithe sócmhainní seasta.

**Soláthraítear dímheas ag na rátaí a leanas:**

| | |
|---|---|
| Daingneáin & Feistis | 20 % |
| Trealamh Ríomhaireachta & Bogearraí | $33\frac{1}{3}$ % |

## 7. DEONTAIS

Caitear le deontais mar ioncam iarchurtha agus aithnítear iad sa Chuntas Ioncaim & Caiteachais trí tráthchodanna thar shaol úsáideach ionchais na sócmhainní bainteacha ar bhonn comhsheasmhach leis an mbeartas dímheasa, seachas deontais faighte maidir le maoine infheistíochta nach ndéantar luachlaghdú orthu.

## 8. FÉICHIÚNAITHE

Déantar drochfhiacha gur fios a bheith ann a dhíscríobhadh agus déantar foráil shonrach d'aon mhéideanna a bhfuil a mbailiú amhrasach.

## 9. PINSIN

Oibríonn Gníomhaireacht Forbartha an Mhoil Dhigitigh scéim phinsin shochair shainithe atá maoinithe go bliantúil ar bhonn 'íoc mar a théitear'.

Léiríonn costais phinsin sochair phinsin a ghnóthaíonn fostaithe sa tréimhse agus léirítear iad glan ar ranníocaíochtaí pinsin foirne a choinníonn an Ghníomhaireacht.


Léirítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha a éirítear ar dhliteanais scéime sa Ráiteas ar Ghnóthachain agus Caillteanais Aitheanta.


Tá luach láithreach íocaíochtaí pinsin amach anseo a thuill baill foirne go dtí seo in ionannas le dliteanais phinsin.

Glacadh forálacha de FRS 17 ar chuntasaíocht do shochair scoir don chéad uair go hiomlán. Nochtar éifeacht an bheartais chuntasaíochta i Nóta 14.

## 10. CÚLCHISTE CAIPITIL

Tá luach sócmhainní a aistríodh don Ghníomhaireacht ar bunadh di agus ina dhiaidh sin móide maoiniú eile agus deontais a fuarthas in ionannas leis an gCúlchiste Caipitil. Déantar an Cúlchiste Caipitil a amúchadh de réir dímheasa ar shócmhainní ábhartha.







# IONCAM AGUS CAITEACHAS COMHDHLÚTHAITHE

## DON BHLIAIN DAR GCRÍOCH 31 NOLLAIG 2005

| | Nóta | 31 Nollaig 2005<br>€ | 31 Nollaig 2004 -Athshonraithe-<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Deontais ón Státchiste | | 3,350,000 | - |
| Deontais Eile | 1 | 197,705 | - |
| Deontais Amúchta | 13 | 58,421 | 49,460 |
| Ioncam ó Chíos | | 907,991 | 705,469 |
| Urraíocht | | 733,632 | 734,980 |
| | | 5,247,749 | 1,489,909 |
| **Caiteachas** | | | |
| Costais ag baint leis an bPárolla | 4 | 1,287,449 | 935,928 |
| Costais Phinsin | 14.c | 42,457 | 60,000 |
| Seirbhísí Feidhmiúcháin | | - | 569,291 |
| Speansais Riaracháin | 2 | 2,020,895 | 1,650,139 |
| Costais Phobail & Eachtra Foghlama | 3 | 556,089 | 407,124 |
| Ús & Muirir | | 46,473 | 19,430 |
| | | 3,953,363 | 3,641,912 |
| **Barrachas Oibriúcháin/(Easnamh)** | 4 | 1,249,386 | (2,152,003) |
| Cánachas | 5 | 390 | (11,746) |
| **Barrachas Oibriúcháin Glan/(Easnamh)** | | 1,294,776 | (2,163,749) |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir 2005 | | (1,419,389) | 699,360 |
| Iarmhéid ag 31 Nollaig 2005 | | (169,613) | (1,464,389) |

Baineann méideanna a léirítear faoi Ioncam & Caiteachas le hoibríochtaí leantacha.

Is cuid de na ráitis airgeadais na Beartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go 18.

Arna síniú ar son an Bhoird:

**Jackie Harrison**
*Cathaoirleach*

**Philip Flynn**
*Príomhoifigeach Feidhmiúcháin*

# RÁITEAS COMHDHLÚTHAITHE DE CHAILLTEANAIS AGUS DE GHNÓTHACHAIN AITHEANTA IOMLÁNA

## DON BHLIAIN DAR GCRÍOCH 31 NOLLAIG 2005

| | Nóta | | 31 Nollaig 2005 € | 31 Nollaig 2004 - Restated - € |
|---|---|---|---|---|
| **Barrachas / (Easnamh) don tréimhse** | | | 1,294,776 | (2,163,749) |
| Barrachas Neamhréadaithe ar Athluacháil de Mhaoine Infheistíochta | 11 | | 1,631,516 | - |
| Gnóthachan Taithí / (caillteanas) ar dhliteanais scéime pinsin | 14.d | (9,331) | - | - |
| Athruithe ar thoimhdeana faoi bhun luach láithreach na scéime pinsin | 14.d | 5,857 | - | - |
| **Gnóthachan Achtúireach / (Caillteanas) ar Dhliteanais Phinsin** | 14.d | | (3,474) | - |
| **Iomlán na ngnóthachan agus na gcaillteanas don tréimhse** | | | 2,922,688 | (2,163,749) |
| Coigeartú na Bliana a d'imigh | | | (60,000) | |
| | | | 2,862,818 | (2,163,749) |

Arna síniú ar son an Bhoird:

**Jackie Harrison**
*Cathaoirleach*

**Philip Flynn**
*Príomhoifigeach Feidhmiúcháin*

# CLÁR COMHARDAITHE COMHDHLÚTHAITHE

## DON BHLIAIN DAR GCRÍOCH 31 NOLLAIG 2005

| | Nóta | 31 Nollaig 2005 € | 31 Nollaig 2004 -Athshonraith- € |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | | |
| Sócmhainní Forbartha | | 43,984,891 | 40,384,891 |
| Maoine Infheistíochta | | 9,400,000 | 7,758,564 |
| Daingneáin & Feistis | | 429,759 | 421,049 |
| Trealamh Ríomhaireachta | | 174,717 | 104,674 |
| | 6 | 53,989,367 | 48,669,178 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Féichiúnaithe | 7 | 565,150 | 580,591 |
| Banc agus Airgead Tirim | | 5,393,498 | 100,239 |
| | | 5,958,648 | 680,830 |
| **Dliteanais Reatha** | | | |
| Creidiúnaithe (méideanna le n-íoc laistigh de bhliain amháin) | 8 | 1,120,348 | 1,048,415 |
| Rótharraingt Bhainc | | - | 1,230,865 |
| | | 1,120,348 | 2,279,280 |
| **Sócmhainní Reatha Glana/(Dliteanais)** | | 4,838,300 | (1,598,450) |
| Creidiúnaithe (méideanna le n-íoc laistigh de níos mó ná bliain amháin) | 8 | 5,000,000 | - |
| **Sócmhainní Iomlána lúide Dliteanais roimh Phinsin** | | 53,827,667 | 47,010,728 |
| Dliteanais Phinsin | 14.e | (125,203) | (60,000) |
| **Sócmhainní Glana** | | 53,702,464 | 47,010,728 |
| **Arb ionann agus:** | | | |
| Scairchaipiteal | 9 | 2 | 2 |
| Barrachas Fabhraithe / (Easnamh) | | (169,613) | (1,464,389) |
| Cúlchiste Pinsin / (Easnamh) | | (3,474) | |
| Cúlchiste Athluachála | 11 | 1,631,516 | - |
| Cúlchiste Caipitil | 12 | 52,244,033 | 48,475,115 |
| | | 53,702,464 | 47,010,728 |

Is cuid de na ráitis airgeadais na Beartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go 18.

Arna síniú ar son an Bhoird:

**Jackie Harrison**
*Cathaoirleach*

**Philip Flynn**
*Príomhoifigeach Feidhmiúcháin*

# RÁITEAS SREAFA AIRGID THIRIM CHOMHDHLÚTHAITHE

## DON BHLIAIN DAR GCRÍOCH 31 NOLLAIG 2005

| | Nóta | 31 Nollaig 2005<br>€ | 31 Nollaig 2004<br>-Athshonraith-<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Imréiteach Gluaiseachta Glana don bhliain le hInsreabhadh Airgid Thirim Glan ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | | |
| Barrachas Oibriúcháin Glan / (Easnamh) | | 1,249,386 | (2,152,003) |
| Dímheas | | 234,581 | 237,526 |
| Amúchadh Deontais | | (58,421) | (49,460) |
| Ús Bainc | | (1,577) | (2,613) |
| Muirear Pinsin lúide íocaíocht | | 61,729 | 60,000 |
| (Méadú)/Laghdú i bhFéichiúnaithe | | 15,441 | 825,834 |
| Méadú/( Laghdú) i gCreidiúnaithe | | 5,071,933 | (207,876) |
| **Insreabhadh/(Eisreabhadh) Airgid Thirim Glan ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | 6,618,072 | (1,288,592) |
| | | | |
| **Ráiteas Sreafa Airgid** | | | |
| Insreabhadh/(Eisreabhadh) Airgid Thirim Glan ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin | | 6,618,072 | (1,288,592) |
| Torthaí ar Infheistíocht agus Fónamh ar Mhaoiniú:<br>- Ús bainc a fuarthas | | 1,577 | 2,613 |
| Cánachas | | 390 | (11,746) |
| Caiteachas Caipitil | | (323,254) | (290,028) |
| Maoiniú:<br>- Scairchaipiteal<br>- Deontais Chaipitil | | -<br>227,339 | 2<br>104,758 |
| **Insreabhadh/(Eisreabhadh) Airgid Thirim Glan don tréimhse** | | 6,524,124 | (1,482,993) |
| | | | |
| **Imréiteach Sreafa Airgid Thirim Ghlain le Cistí Glana** | | | |
| Fiachas Glan ag 1 Eanáir 2005 | | (1,130,626) | 352,367 |
| Cistí Glana ag 31 Nollaig 2005 | | 5,393,498 | (1,130,626) |
| Gluaiseacht i gCistí Glana sa Bhliain | | 6,524,124 | (1,482,993) |

Is cuid de na ráitis airgeadais na Beartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go 18.

Arna síniú ar son an Bhoird:

**Jackie Harrison**
*Cathaoirleach*

**Philip Flynn**
*Príomhoifigeach Feidhmiúcháin*

## 1. CISTÍ EILE

Baineann sé seo le cistí a fuarthas i leith tionscadail an Chlubthí Ríomhairí ó Chiste na Sochaí Faisnéise ó Roinn an Taoisigh.

## 2. SPEANSAIS RIARACHÁIN

| | 31 Nollaig 2005 € | 31 Nollaig 2004 € |
|---|---|---|
| Taisteal & Cothabháil | 13,172 | 12,304 |
| Cíos Oifige | 24,647 | - |
| Seirbhísí Oifige | 788,545 | 676,383 |
| Forchostas Oifige | 199,851 | 152,310 |
| Árachas | 113,829 | 113,813 |
| Margaíocht & Fógraíocht | 164,040 | 246,405 |
| Caiteachas a bhaineann le maoin | 103,582 | 143,064 |
| Seirbhísí Gairmiúla | 94,234 | 44,516 |
| Táille Iniúchta | 7,200 | 7,200 |
| Dímheas | 234,581 | 237,526 |
| Drochfhiacha | 11,068 | 12,000 |
| Seirbhísí Bainistíochta Saoráidí * | 251,257 | - |
| Éagsúil | 14,889 | 4,618 |
| | 2,020,895 | 1,650,139 |

* Baineann Seirbhísí Bainistíochta Saoráidí le bainistíocht saoráidí ar fhoirgneamh an Mhalartáin Dhigitigh de chuid an OPW. Go luath i 2005, d'aontaigh an GFMD an foirgneamh agus a chuid tionóntaí a bhainistiú agus a riar. Tháinig sé chun solais nach raibh an t-ioncam a ghintear ón bhfoirgneamh leordhóthaineach chun na costais sheirbhíse a chlúdach agus rinneadh an costas fo-ghnóthaithe a thaifeadadh mar Sheirbhísí Bainistíochta Saoráidí.

## 3. POBAL & FOGHLAIM

Baineann sé seo le costas eachtraí laistigh de Thionscnamh Foghlama na Líbeartaí Diageo, a chuireann cláir phobail agus oideachasúla dhigiteacha do scoileanna áitiúla, do chuideachtaí agus don phobal níos leithne ar fáil.

## 4. LÍON NA MBALL FOIRNE AGUS COSTAIS

Meánlíon na ndaoine á bhfostú ag an nGníomhaireacht le linn na bliana 11 (2004:8). B'iad costais phárolla chomhiomlána mar a leanas:

| | 31 Nollaig 2005 € | 31 Nollaig 2004 € |
|---|---|---|
| Foireann Phárolla | 845,449 | 685,607 |
| Foireann ar Conradh | 371,431 | 198,394 |
| Costais Leasa Shóisialaigh | 70,569 | 51,927 |
| | 1,287,449 | 935,928 |
| Táillí na mball boird agus luach saothair (atá san áireamh thuas) | 305,345 | 231,242 |

Táillí na mball boird agus luach saothair: is ionann iad agus táillí, speansais, liúntais, agus luach saothair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin.

## 5. CÁNACHAS

Tá GFMD faoi dhliteanas cánach corparáide i leith ioncaim úis (Cás IV) agus ioncaim ó chíos (Cás V). Níor gearradh aon cháin chorparáide i 2005 toisc go raibh speansais inasbhainte níos mó ná ioncam.

## 6. SÓCMHAINNÍ SEASTA

| | | Iomlán | Sócmhainní Forbartha Athshonraithe | Maoine Infheistíochta Athshonraithe | Daingneáin & Feistis | Trealamh Ríomhaireachta |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | € | € | € | € | € |
| **Costas / Luacháil** | | | | | | |
| 1 Eanáir 2005 | Iarmhéid Tosaigh | 49,177,331 | 40,384,891 | 7,758,564 | 619,193 | 414,683 |
| | Méideanna Breise | 323,254 | - | 9,920 | 150,234 | 163,100 |
| | Aistrithe | 3,600,000 | 3,600,000 | - | - | - |
| | Athluacháil | 1,631,516 | - | 1,631,516 | - | - |
| 31 Nollaig 2005 | Iarmhéid Deiridh | 54,732,101 | 43,984,891 | 9,400,000 | 769,427 | 577,783 |
| **Dímheas** | | | | | | |
| 1 Eanáir 2005 | Iarmhéid Tosaigh | 508,153 | - | - | 198,144 | 310,009 |
| | Muirear don bhliain | 234,581 | - | - | 141,524 | 93,057 |
| 31 Nollaig 2005 | Iarmhéid Deiridh | 742,734 | - | - | 339,668 | 403,066 |
| **Glanluach Leabhar** | | | | | | |
| 1 Eanáir 2005 | Iarmhéid Tosaigh | 48,669,178 | 40,384,891 | 7,758,564 | 421,049 | 104,674 |
| 31 Nollaig 2005 | Iarmhéid Deiridh | 53,989,367 | 43,984,891 | 9,400,000 | 429,759 | 174,717 |

Rinneadh méideanna breise le sócmhainní seasta de €43,455 le linn 2004 agus a rangaíodh mar Thailte & Foirgnimh a athshonrú i 2005 mar Shócmhainní Forbartha (€4,891) agus mar Mhaoine Infheistíochta (€38,564).

Fuair Oifig na nOibreacha Poiblí maoin a dtagraítear dó mar VAThouse 7 roimhe seo i mí Iúil 2001 agus aistríodh í don Ghníomhaireacht ar an 7 Deireadh Fómhair 2005. Cheannaigh an OPW an mhaoin ar €3,174,345 agus níor tabhaíodh aon chostais ar an maoin ón dáta sin. €3,600,000 an luach a chuir gnólacht neamhspleách de shuirbhéirí luachála cairte ar an maoin ag an 7 Deireadh Fómhair 2005.

## 7. FÉICHIÚNAITHE (MÉIDEANNA INFHAIGHTE LAISTIGH DE BHLIAIN AMHÁIN)

| | 31 Nollaig 2005 € | 31 Nollaig 2004 € |
|---|---|---|
| CBL | 38,021 | 258,495 |
| Féichiúnaithe Cíos | 236,740 | 186,812 |
| Réamhíocaíochtaí | 99,989 | 97,909 |
| Deontais Chaipitil | 52,184 | 25,555 |
| OPW Fabhraithe Infhála | 39,410 | - |
| Féichiúnaithe Eile | 98,806 | 2 |
| Éileamh Árachais | - | 11,818 |
| | 565,150 | 580,591 |

## 8. CREIDIÚNAITHE

| | 31 Nollaig 2005 € | 31 Nollaig 2004 Athshonraithe € |
|---|---|---|
| Creidiúnaithe agus Fabhruithe | 659,490 | 565,479 |
| Cáin Chorparáide | - | 11,406 |
| Iarchoimeád Cánach do Sheirbhísí Gairmiúla | 9,284 | 19,815 |
| Cánacha Párolla agus Déaduchtuithe | 30,905 | 73,970 |
| Taiscí Urrúis | 203,166 | 102,609 |
| Ioncam Iarchurtha – Táillí Ceadúnais | 217,503 | 275,136 |
| Ioncam Iarchurtha - Taiscí Forbróirí | 5,000,000 | - |
| | 6,120,348 | 1,048,415 |

## 9. AN DEPOT DIGITEACH @ AN MOL DIGITEACH

Rinneadh an Depot Digiteach @ An Mol Digiteach a ionchorprú mar chuideachta teoranta ó thaobh fiachais ar an 16 Nollaig 2003, leis an Ghníomhaireacht Forbartha an Mhoil Dhigitigh agus de Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath araon ag sealbhú scair amháin sa Chuideachta. Rialaíonn an GFMD an chuideachta, agus is fochuideachta dá cuid í.

Ar an 1 Eanáir 2005, aistríodh na sócmhainní agus na hoibríochtaí go dtí Gníomhaireacht Forbartha an Mhoil Dhigitigh, agus tháinig An Depot Digiteach @ An Mol Digiteach ina cuideachta dhíomhaoin, agus leas Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath á chosaint ag Gníomhas á chosaint ag Gníomhas Iontaobhais.

## 10. MAOINIÚ FHOIRGNEAMH AN MHOIL DHIGITIGH

Suas go dtí an 31 Nollaig 2005, thabhaigh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath caiteachas de €3,644,935 i leith athchóiriú fhoirgneamh an Mhoil Dhigitigh, in íocaíocht táillí go soláthraithe tríú páirtí agus i soláthair sheirbhísí intí. Mar choinníoll de mhaoiniú, d'aontaigh an GFMD le CCBÁC go mbeadh CCBÁC i dteideal 50% de na fáltais; seachas sin, is leis an GFMD a bheas gach riosca agus fochraig. Toisc nach bhfuil aon intinn faoi láthair an foirgneamh a dhiúscairt, tá lán-luach an fhoirgnimh á aithint sna ráitis airgeadais, le teidlíocht CCBÁC measta mar dhliteanas teagmhasach.

I 2005, chuir Fiontraíocht Éireann deontais de €52,184 i leith athchóiriú fhoirgneamh an Mhoil Dhigitigh ar fáil; (suas go dtí an 31 Nollaig 2004, bhí deontais de €2,162,067 curtha ar fáil ag Fiontraíocht Éireann). Mar choinníoll le fáil an deontais seo, tá freagracht ag an GFMD as bainistíocht leanúnach an Depot Digitigh le haon airgead breise a éiríonn as an aonad goradáin le sealbhú d'infheistíocht leantach san aonad goradáin.

## 11 CÚLCHISTE ATHLUACHÁLA

Tá maoine infheistíochta faoi réir athluachála bliantúla agus rinneadh athluacháil orthu ag luach an mhargaidh oscailte ar an 31 Nollaig 2005 mar a shainigh gnólacht neamhspleách de luachálaithe gairmiúla.

| | 31 Nollaig 2005 € | 31 Nollaig 2004 € |
|---|---|---|
| Iarmhéid ag tús na bliana | - | - |
| Gnóthachan athluachála neamhréadaithe ar Mhaoine Infheistíochta | 1,631,516 | - |
| Iarmhéid ag deireadh na bliana | 1,631,516 | - |

## 12. CÚLCHISTE CAIPITIL

| | 31 Nollaig 2005 € | 31 Nollaig 2004 € |
|---|---|---|
| Iarmhéid Tosaigh | 48,475,115 | 48,419,817 |
| Deontas Caipitil - Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath | 63,620 | - |
| Deontas Caipitil - Fiontraíocht Éireann | 52,184 | 104,758 |
| Deontas Caipitil - Ciste Nuálaíochta & Bainistíochta Athraithe | 111,535 | - |
| Deontais Amúchta Caipitil | (58,421) | (49,460) |
| Aistriú foirgneamh VATahouse 7 ón OPW | 3,600,000 | - |
| | 52,244,033 | 48,475,115 |

## 13. AMÚCHADH DEONTAS CAIPITIL

| | | Iomlán | Maoine Infheistíochta - Athshonraithe | Daingneáin & Feistis – | Trealamh Ríomhaireachta |
|---|---|---|---|---|---|
| | | € | € | € | € |
| **COSTAS** | | | | | |
| 1 Eanáir 2005 | Iarmhéid Tosaigh | 2,162,067 | 1,935,903 | 194,464 | 31,700 |
| | Méideanna Breise - CCBÁC | 63,620 | 63,620 | | |
| | Méideanna Breise - FÉ | 52,184 | 27,091 | 16,881 | 8,212 |
| | Méideanna Breise – CNBA | 111,535 | | | 111,535 |
| 31 Nollaig 2005 | Iarmhéid Deiridh | 2,389,406 | 2,026,614 | 211,345 | 151,447 |
| **AMÚCHADH** | | | | | |
| 1 Eanáir 2005 | Iarmhéid Tosaigh | 62,080 | - | 48,630 | 13,450 |
| | Muirear don bhliain | 58,421 | - | 42,488 | 15,933 |
| 31 Nollaig 2005 | Iarmhéid Deiridh | 120,501 | - | 91,118 | 29,383 |
| **GLANLUACH LEABHAR** | | | | | |
| 1 Eanáir 2005 | Iarmhéid Tosaigh | 2,099,987 | 1,935,903 | 145,834 | 18,250 |
| 31 Nollaig 2005 | Iarmhéid Deiridh | 2,268,905 | 2,026,614 | 120,227 | 122,064 |

## 14. COSTAIS PHINSIN

### A. SCÉIM PHINSIN

Is gníomhaireacht stáit reachtúil í Gníomhaireacht Forbartha an Mhoil Dhigitigh, bunaithe faoin Acht um Ghníomhaireacht um Fhorbairt don Mhol Digiteach 2003. Foráiltear le hAlt 21 den Acht go ndéanfaidh an Ghníomhaireacht scéim do dheonú sochar aoisliúntais go agus i leith ball foirne faoi réir cheadú an Aire. Tá dhá scéim dá leithéid á n-oibriú ag an nGníomhaireacht – Scéim Aoisliúntais Ghníomhaireacht Forbartha an Mhoil Dhigitigh agus Scéim Phinsin Ranníocaigh do Chéilí agus Leanaí. Cuireann an chéad scéim sochar scoir (cnapshuim agus pinsean) ar fáil do bhaill foirne, agus sochair aisce bháis i leith bháis i seirbhís. Cuireann an dara scéim sochair phinsin ar fáil do chéilí marthanacha agus do leanaí cleithiúnacha de bhaill éagtha.

Is scéimeanna aoisliúntais shochair shonraithe neamhchistithe an dá scéim. Íoctar teidlíochtaí a éiríonn faoin scéim as ioncam reatha.Cosúil le formhór scéimeanna aoisliúntais seirbhíse poiblí, ní choinnítear aon chiste ar leith, ná ní shealbhaítear aon shócmhainní, chun íoc na bpinsean agus na haiscí a mhaoiniú.

Tá na torthaí a leagtar amach thíos bunaithe ar luacháil achtúireach ar na dliteanais phinsin i leith foireann an GFMD ar an 31 Nollaig 2005. Rinne achtúire neamhspleách cáilithe an luacháil seo chun críche an chaighdeáin chuntasaíochta, Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 17 - Sochair Scoir. Tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin eisiata faoi láthair ón scéim agus cuireann an Ghníomhaireacht 25% d'íocaíochtaí tuarastail ar fáil mar ranníocaíocht phinsin, a íoctar go díreach isteach i scéim phinsin phearsanta ceadaithe ag na Coimisinéirí Ioncaim.

### B. TOIMHDEANA AIRGEADAIS

Seo a leanas na toimhdeana airgeadais a úsáideadh chun dliteanais scéime faoi FRS17 a ríomh:

| | 2005<br>% in aghaidh na bliana | 2004<br>% in aghaidh na bliana |
|---|---|---|
| Ráta lascaine | 5.0 | 4.5 |
| Méadú ráta tuarastail | 4.0 | 3.5 |
| méadú ráta pinsin | 4.0 | 3.0 |
| méadú ráta boilscithe | 3.0 | 2.5 |

### C. ANAILÍS AR CHOSTAIS PHINSIN IOMLÁNA A GHEARRTAR DO CHAITEACHAS

| | | 2005<br>€ | 2004<br>€ |
|---|---|---|---|
| Costas seirbhíse reatha | | 59,029 | 58,000 |
| Ús ar dhliteanais scéime | 2,700 | - | 2,000 |
| Toradh ionchais ar shócmhainní scéime | - | 2,700 | - |
| Lúide: Ranníocaíochtaí Fostaithe | | (19,272) | - |
| | | 42,457 | 60,000 |

### D. ANAILÍS AR MHÉID AITHEANTA I RÁITEAS NA NGNÓTHACHAN AGUS NA GCAILLTEANAS IOMLÁNA

| | 2005 € | 2004 € |
|---|---|---|
| Gnóthachan / (caillteanas) ar dhliteanais scéime pinsin | (9,331) | - |
| Athruithe ar thoimhdeana faoi bhun luach láithreach dliteanais na scéime pinsin | 5,857 | - |
| Gnóthachan achtúireach / (caillteanas) aitheanta san STRGL | (3,474) | - |

### E. GLUAISEACHT I NDLITEANAS PINSIN GLAN I RITH NA BLIANA AIRGEADAIS

| | 2005 € | 2004 € |
|---|---|---|
| Easnamh ag 1 Eanáir | (60,000) | - |
| Costas Seirbhíse Reatha | (59,029) | (58,000) |
| Pinsin a íocadh sa bhliain | - | - |
| Costais Sheirbhíse san am atá caite | - | - |
| Ioncam Airgeadais Eile | (2,700) | (2,000) |
| Gnóthachan achtúireach / (caillteanas) | (3,474) | - |
| Easnamh ag 31 Nollaig | (125,203) | (60,000) |

### F. STAIR NA NGNÓTHACHAN AGUS NA GCAILLTEANAS TAITHÍ

| | 2005 € | 2004 € |
|---|---|---|
| Gnóthachan Taithí / (caillteanas) ar dhliteanais scéime | | |
| Méid (€000) | (9,331) | - |
| céatatán den luach láithreach de dhliteanais scéime | (7.4%) | - |
| Méid iomlán aitheanta i STGL | | |
| Méid (€000) | (3,474) | - |
| céatatán den luach láithreach de dhliteanais scéime | (2.8%) | - |

### G. ÉIFEACHT AN ATHRAITHE I MBEARTAS CUNTASAÍOCHTA

Is í éifeacht an athraithe sa bheartas cuntasaíochta a éiríonn as tabhairt isteach FRS 17 costas pinsean a ghnóthaítear seachas na híocaíochtaí a dhéantar le pinsinéirí a aithint mar chaiteachas sa bhliain. Thairis sin, aithnítear sa Chlár Comhardaithe an dliteanas carnach do phinsin a ghnóthaíonn fostaithe ag an 31 Nollaig 2005, nuair níor nochtadh an dliteanas seo ach le nóta amháin roimhe seo. Is í an éifeacht ar chúlchistí an t-easnamh carnach tosaigh a mhéadú faoi €60,000.

## 15. CUNTAIS CHOMPARÁIDEACHTA

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais don bhliain go dtí an 31 Nollaig 2005 le figiúirí athshonraithe don bhliain go dtí an 31 Nollaig 2004. Rinneadh na figiúirí do 2004 a athshonrú chun éifeacht Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 17 'Cuntasaíocht do Shochair Scoir' a thabhairt san áireamh.

## 16. GNÓTHAS LEANTACH AGUS FORBAIRT AMACH ANSEO

Bhíodh oibríochtaí na Gníomhaireachta á maoiniú ó ioncam a giníodh ó ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta agus ó iasachtaí tráchtála. Ó Lúnasa 2005, ceadaíodh fóirdheontas Státchisteach don Ghníomhaireacht agus tá an Bord ag súil go réasúnta go bhfuil acmhainní leordhóthaineacha ag an nGníomhaireacht chun leanúint ar aghaidh ag oibriú.

Tá maoine ag an nGníomhaireacht a bhfuil 90% díobh sin ina shócmhainní forbartha agus faoi réir díola agus conarthaí forbartha. Soláthraíonn na conarthaí do ranníocaíocht €72,357,500 móide 13,055 méadar cearnacha d'oifigí fiontair le soláthar don Ghníomhaireacht i gcaitheamh na tréimhse go 2011. Nuair a bhíonn an scéim á forbairt, táthar ag tuar go gcomhlíonfaidh an Ghníomhaireacht a cuid dualgas airgeadais ó mheascán de fhóirdheontas Státchisteacha, ioncam tráchtála agus iasachtaí agus ar an gcaoi sin leantar de na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh.

## 17. BAILL AN BHOIRD – NOCHTADH BEART

Chomhlíonaigh an Ghníomhaireacht treoirlínte a d'eisigh an Roinn Airgeadais i leith nochtaithe leasanna ag Baill Bhoird. I gcás ábhar coinbhleachta leasa, ní ghlacfaidh ball Boird páirt i ná ní fhreastalóidh sé/sí ar phlé a bhaineann le beart as a d'fhéadfadh ábhar coinbhleachta leasa a tharraingt.

Ní raibh aon bhearta le linn na tréimhse maidir le gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta ina raibh leas tairbhiúil ag Baill Bhoird.

## 18. CEADÚ NA RÁITEAS AIRGEADAIS

Cheadaigh an Bord na ráitis airgeadais ar an 20ú Iúil 2006.

# CUID 05 FÓGRAÍ REACHTÚLA AGUS EILE

05

## BAILL AN BHOIRD

Leagann amach an Lámhleabhar ar Rialachas Corparáideach a ghlac an Bord gach gné de rialachas, cuntasacht, nósanna imeachta, agus struchtúir oibriúcháin, agus féachann sé chun forálacha an Chóid Chleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit a d'eisigh an Roinn Airgeadais a fheidhmiú. De réir na dtreoirlínte seo, cláraíonn Baill Bhoird a gcuid leasanna i ngnóthais eile.

Tá struchtúr Coistí éifeachtach bunaithe ag an mBord chun cabhrú lena gcuid freagrachtaí a chomhlíonadh. Tá téarmaí tagartha a cheadaíonn an Bord ag gach Coiste, agus tuairiscíonn gach ceann díobh ar a gcuid gníomhaíochtaí don Bhord.

## AN TACHT UM EITIC IN OIFIGÍ POIBLÍ, 1995 AGUS AN TACHT UM CHAIGHDEÁIN IN OIFIGÍ POIBLÍ, 2001

De réir an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus an Achta um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001, cuireann Baill Bhoird ráitis faoi bhráid an Rúnaí. Ina theannta sin, chloígh baill foirne Ghníomhaireacht Forbartha an Mhoil Dhigitigh a bhí poist ainmnithe acu leis an dá Acht.

## AN TACHT UM SHAORÁIL FAISNÉISE

Comhlíonann Gníomhaireacht Forbartha an Mhoil Dhigitigh forálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise, 1997. Cuireann an tAcht ceart dlíthiúil ar fáil do dhaoine aonair chun rochtain ar fhaisnéis a fháil chomh fada agus is féidir i gcomhréir le leas an phobail agus leis an gceart chun príobháideachta. Ba cheart iarratais ar fhaisnéis faoin Acht seo a chuir chuig Feidhmeannas na Saorála Faisnéise, Gníomhaireacht Forbartha an Mhoil Dhigitigh, Malartán Digiteach, Sráid na Craenach, Baile Átha Cliath 8.

## AN TACHT UM CHOMHIONANNAS FOSTAÍOCHTA, 1998

Is fostóir comhdheise í Gníomhaireacht Forbartha an Mhoil Dhigitigh agus tá sí tiomanta ar bheartas comhdheiseanna san eagraíocht. Tá an Ghníomhaireacht tiomanta ar a chinntiú nach gcaitear le haon bhall foirne, nó iarratasóir ar fhostaíocht, ar bhealach níos measa ná aon duine eile, ar fhoras nach bhfuil ábhartha le dea-chleachtas fostaíochta.

## AN TACHT UM SHÁBHÁILTEACHT, SLÁINTE AGUS LEAS AG AN OBAIR, 1989

Cosnaítear leas fhostaithe na Gníomhaireachta trí chloí go daingean le caighdeáin shláinte agus shábháilteachta. Rinne an Ghníomhaireacht a raibh riachtanach chun comhlíontas leis an Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1989 a chinntiú, ráiteas sábháilteachta - atá i mbun athbhreithnithe - a ghlacadh san áireamh. Sroicheann sé seo go dtí na hAchtanna Sláinte Poiblí deireanacha 2002, agus 2004.

Roimh ghníomhaíochtaí forbartha maoine ar-suíomh, déanfar gach ball foirne a bheidh orthu a bheith ar-suíomh a dheimhniú go dtí an caighdeán SAFEPASS.

## CAIRT DO CLIAINT

D'eisigh Gníomhaireacht Forbartha an Mhoil Dhigitigh a Cairt do Chliaint i 2004 ag leagadh amach a tiomantas do sheirbhís d'ardchaighdeán do chliaint agus don phobal i gcoitinne. Tá nós imeachta chun déileáil le gearáin san áireamh sa Chairt seo.

## AN TACHT UM ÍOC PRAS CUNTAS, 1997

Leasaíodh an tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997 ag na Rialacháin um Íocaíocht Dhéanach i mBearta Tráchtála, 2002. Is é beartas na Gníomhaireachta an tAcht a chomhlíonadh agus a chinntiú go n-íoctar gach sonrasc go pras. Áirítear sa chóras um rialú inmheánach nósanna imeachta chun sonraisc agus conarthaí a aithint le n-íoc laistigh de na dátaí íoctha leagtha síos mar a shonraítear iad san Acht. Tá na nósanna imeachta seo deartha chun dearbhú réasúnta agus ní lándearbhú a chur ar fáil i gcoinne neamhchomhlíontais leis an Acht.